# An tSeirbhís um Cheapacháin Phoiblí (PCA) - Samhail Inniúlachta Státseirbhíse de chuid an PCA

### Leibhéal inniúlachta d'Oifigeach Chléireachais - Príomhtháscairí Feidhmíochta

### Oifigeach Cléireachais (OC)

- Obair Foirne
- Bainistiú Faisnéise / Próiseáil
- Seachadadh Torthaí
- Seirbhís do Chustaiméirí agus Scileanna Cumarsáide
- Saineolas agus féinfhorbairt
- Díograis agus tiomantas do luachanna seirbhíse poiblí

| | |
|---|---|
| Obair Foirne | • Meas a léiriú ar chomhghleacaithe agus ar chomhoibrithe<br>• Dea-chaidrimh oibre le daoine eile a fhorbairt agus a chothú, ag roinnt faisnéise agus eolais, de réir mar is cuí.<br>• Smaointe agus peirspictíochtaí féin a chur ar fail.<br>• A ról féin san fhoireann a thuiscint, ag déanamh gach iarracht a ról / a páirt a ghlacadh |
| Bainistiú Faisnéise / Próiseáil | • Obair a dhéanamh go cuimsitheach agus go beacht<br>• Nósanna imeachta agus prótacail a leanúint, agus tuiscint aige / aici ar a luach agus ar an réasúnaíocht atá taobh thiar díobh.<br>• Taifid ardchaighdeáin a dhéanamh atá éasca do dhaoine eile a thuiscint.<br>• Conclúidí iomchuí a tharraingt as faisnéis.<br>• Bealaí nua chun rudaí a dhéanamh níos fearr agus níos éifeachtaí a mholadh.<br>• Compordach ag obair le cineálacha éagsúla faisnéise, m.sh. faisnéis scríofa, uimhriúil, cairteacha, agus ábalta ríomhanna amhail uimhríocht, céatadáin srl. a dhéanamh. |
| Seachadadh Torthaí | • Freagracht a ghlacadh as an obair agus iarracht a dhéanamh í a thabhairt chun críche ar an gcéad leibhéal eile.<br>• An obair a chríochnú in am.<br>• Modhanna nua oibre a chur in oiriúint le chéile. |

| | |
|---|---|
| | • Obair a sheiceáil le cinntiú go ndéantar ar ardchaighdeán é, agus go bhfoghlaimítear ó bhotúin.<br>• Gramadach bheacht agus litriú ceart a úsáid agus conclúidí réasúnta a dhéanamh as treoracha i scríbhinn.<br>• Práinn agus tábhacht ar thascanna éagsúla a aithint agus a mheas.<br>• Díograis agus solúbthacht a léiriú ionas go seachadtar an obair.<br>• Féinmhuinín agus breithiúnas a úsáid chun treoir a iarraidh ó bhainisteoir nó ó chomhghleacaithe. |
| Seirbhís do Chustaiméirí agus Scileanna Cumarsáide | • Éisteacht go gníomhach le daoine eile agus iarracht a dhéanamh tuiscint a fháil ar a gcuid dearcthaí / riachtanais.<br>• Na céimeanna agus na próisis a gcaithfidh custaiméirí dul tríd a thuiscint, agus iad uile a mhíniú go soiléir.<br>• Bheith measúil, síodúil, gairmiúil agus calma i gcónaí, fiú i gcúinsí dúshlánacha.<br>• Bheith daingean nuair is gá, agus cumarsáide a dhéanamh le muinín agus le húdarás.<br>• Cumarsáid soiléir líofa a dhéanamh, ó bhéal agus i scríbhinn. |
| Saineolas agus féinfhorbairt | • Na scileanna agus an saineolas atá riachtanach chun an ról a chomhlíonadh go héifeachtach a fhorbairt agus a chothabháil, m.sh. teicneolaíochtaí ábhartha, córais TF, scarbhileoga, Microsoft Office, beartais ábhartha, srl.<br>• An ról, na cuspóirí agus na spriocanna a thuiscint soiléir, agus cad é mar a chuireann siad le hobair an aonaid.<br>• Bheith díograiseach don fhorbairt phearsanta agus iarracht leanúnach a dhéanamh chun feidhmíocht phearsanta a fheabhsú. |
| Díograis agus tiomantas do luachanna seirbhíse poiblí | • Iarracht comhsheasmhach a dhéanamh chun feidhmiú ar leibhéal ard agus chun seirbhís cháilíochta a sholáthar.<br>• An Rialtas agus mhuintir na hÉireann a fhreastal i gcónaí.<br>• Bheith críochnúil agus scrupallach, fiú i gcás gnáthobair.<br>• Bheith fonnmhar agus acmhainneach, go háirithe i gcás dúshláin agus céimeanna siar.<br>• Bheith macánta agus iontaofa.<br>• Bheith an-ionraic i gcónaí. |

## Leibhéal Inniúlachta d'Oifigeach Feidhmiúcháin - Príomhtháscairí Feidhmíochta

## Oifigeach Feidhmiúcháin (OF)

- Bainistíocht Daoine
- Anailís agus Cinnteoireacht
- Seachadadh Torthaí
- Scileanna Idirphearsanta agus Cumarsáide
- Saineolas agus féinfhorbairt
- Díograis agus tiomantas do luachanna seirbhíse poiblí

| | |
|---|---|
| Bainistiú Daoine | • Comhairle a lorg agus rannpháirtíocht iomlán na foirne a iarraidh, ag cruthú ardán le haghaidh comhrá fiúntach oscailte ar cheisteanna oibre.<br>• An chuid is fearr de na daoine féin agus den fhoireann araon a chur faoi sholas, feidhmíocht mhaith a spreagadh uathu, agus gach fadhb feidhmíochta a thiocfadh teacht chun cinn a réiteach.<br>• Forbairt daoine eile agus forbairt na foirne a aithint agus a thacú.<br>• Bealaí nua oibre atá níos éifeachtaí a chur chun cinn.<br>• Ábalta fadhbanna inmheánacha na foirne a réiteach ar bhealach fiúntach tairbheach.<br>• Aischothú a spreagadh ón bhfoireann chun feabhsúcháin a dhéanamh.<br>• Sásta a gcuid saineolais a roinnt leis an bhfoireann chun gach cuspóir a bhaint amach. |
| Anailís agus Cinnteoireacht | • In ann déileáil go héifeachtach le raon leathan foinsí faisnéise, agus in ann saincheisteanna ábhartha a fhiosrú.<br>• Ábalta na hiarmhairtí praiticiúla a bhaineann le faisnéis a thuiscint i gcomhthéacs níos leithne ina bhfuil siad freagrach as– nósanna imeachta, cuspóirí roinne, srl.<br>• Buncheisteanna agus treochtaí a aithint agus a thuiscint.<br>• Ábalta faisnéis uimhriúil a bhaint agus a thuiscint mar is ceart, in ann ríomhanna uimhriúla cruinne a dhéanamh.<br>• Conclúidí cruinne a dhéanamh agus moltaí cothroma de réir fianaise a dhéanamh. |
| Seachadadh Torthaí | • Freagracht a ghlacadh as tascanna agus bheith díograiseach na tascanna sin a chur i gcrích go sásúil. |

| | |
|---|---|
| | • Cur chuige loighciúil agus pragmatach acu, ag socrú cuspóirí agus ag seachadadh na torthaí is fearr is féidir leis na hacmhainní atá ar fáil trí phríomhthosaíocht éifeachtach.<br>• Aghaidh dearfach a thabhairt ar gach cur chuige reatha chun seirbhís custaiméara níos éifeachtaí a sholáthar.<br>• Meastóireacht chruinn ar theorainneacha ama tionscadail a dhéanamh, agus pleananna teagmhais a chur i bhfeidhm le bacainní a shárú.<br>• Botúin a laghdú, athbhreithniú a dhéanamh ar an fhoghlaim agus cinntiú go bhfuil réitigh i bhfeidhm.<br>• Smaointe na foirne a méadú chun torthaí éifeachtacha a chinntiú.<br>• Cinnte a dhéanamh go bhfuil nósanna imeachta / prótacail / athbhreithnithe cuí ar sheachadadh seirbhíse i bhfeidhm agus go bhfuil siad á gcur i gcrích. |
| Scileanna Idirphearsanta agus Cumarsáide | • In ann an cur chuige cumarsáide a athrú chun freastal ar riachtanais an scéil nó an lucht éisteachta.<br>• Éisteacht go gníomhach le tuairimí daoine eile.<br>• Comhoibriú a dhéanamh le grúpaí eile chun comhpháirtíocht a bhaint amach.<br>• Idirbheartaíocht a dhéanamh, más gá, chun toradh sásúil a bhaint amach.<br>• Díriú ar dhéileáil le custaiméirí go héifeachtach, go héifeachtúil agus le meas.<br>• Bheith dearfach agus gairmiúil i gcás saincheisteanna dúshlánacha.<br>• Ábalta a bhfocail féin a rá, nó a scríobh, go soiléir. |
| Saineolas agus féinfhorbairt | • Scileanna agus saineolas ardleibhéil sa réimse féin a léiriú agus in ann treoir a thabhairt do chomhghleacaithe.<br>• Tuiscint soiléir ar an ról, ar na cuspóirí agus ar na spriocanna, an dóigh a bhaineann siad leis an Roinn / Eagraíocht agus gach duine san fhoireann a chur ar an eolas faoi.<br>• Ceannaireacht a léiriú le dea-shampla, agus forbairt féin agus forbairt na foirne a chur chun cinn le tionscnaimh rialta. |
| Díograis agus tiomantas do luachanna seirbhíse poiblí | • Tiomanta don ról agus i gcónaí ag iarraidh feidhmiú ar leibhéal ard.<br>• Bheith solúbtha agus oscailte le haghaidh athruithe.<br>• Bheith acmhainneach, go háirithe le bearta a chur i gcrích, in ainneoin constaicí agus céimeanna siar.<br>• Ábalta seirbhís custaiméara a chur i gcroílár na hoibre. |

| | |
|---|---|
| | • Bheith macánta iontaofa i gcónaí.<br>• In ann dílseacht a léiriú agus ag iarraidh dílseacht gach duine eile a spreagadh. |

## Leibhéal Inniúlachta d'Ardoifigeach Feidhmiúcháin - Príomhtháscairí Feidhmíochta

## Ardoifigeach Feidhmiúcháin (AF)

- Ceannaireacht Foirne
- Breithiúnas, Anailís agus Cinnteoireacht
- Bainistíocht agus Seachadadh Torthaí
- Scileanna Idirphearsanta agus Cumarsáide
- Saineolas agus féinfhorbairt
- Díogras agus tiomantas do luachanna seirbhíse poiblí

| | |
|---|---|
| Ceannaireacht Foirne | • In ann obair leis an bhfoireann chun feidhmíocht ard a éascú, ag forbairt cuspóirí soiléire réalaíocha agus ag déileáil le ceisteanna feidhmíochta más gá.<br>• In ann eolas agus comhairle shoiléir a sholáthair maidir leis an méid a éilítear ar an bhfoireann.<br>• Ag iarraidh bealaí nua oibre a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm go héifeachtach chun cuspóirí a bhaint amach.<br>• Ceannaireacht le dea-shampla a thabhairt don fhoireann, ag cóitseáil agus ag tacú le daoine de réir mar is gá.<br>• In ann tábhacht mhór a chur ar fhorbairt foirne, ar oiliúint agus ar chur chun cinn scileanna agus acmhainne foirne.<br>• Solúbtha agus oscailte le haghaidh athruithe, agus le haghaidh cur i bhfeidhm na n-athruithe. |
| Breithiúnas, Anailís agus Cinnteoireacht | • Faisnéis ó fhoinsí ábhartha a bhailiú agus a anailísiú, bíodh sin faisnéis airgeadais, faisnéis uimhriúil nó eile, ag úsáid raon tosca criticiúla.<br>• In ann smaoineamh ar shaincheisteanna níos leithne, cláracha, íogaireachtaí agus ar iarmhairtí gaolmhara agus cinntí á dhéanamh acu.<br>• Eolas agus taithí a úsáid chun cinneadh a dhéanamh.<br>• Breithiúnas a úsáid chun cinntí maithe a dhéanamh le réasúnaíocht mhaith agus bheith in ann seasamh leis na cinntí sin.<br>• In ann réitigh a chur chun cinn chun fadhbanna a réiteach. |

| | |
|---|---|
| Bainistíocht agus Seachadadh Torthaí | • Ábalta freagracht a ghlacadh as seachadadh na gcuspóirí aontaithe<br>• Ábalta raon tionscadail agus gníomhaíochtaí oibre éagsúla a bhainistiú go rathúil ag an aon am amháin.<br>• Ábalta a obair féin agus obair daoine eile a eagrú go héifeachtach<br>• Bheith loighciúil agus pragmatach, ag seachadadh na dtorthaí is fearr is féidir, leis na hacmhainní atá ar fáil.<br>• Tascanna a dháileadh go héifeachtach, ag soláthar eolais shoiléir agus fianaise maidir leis an méid a éilítear.<br>• Ábalta réimsí a aithint go gníomhach le haghaidh feabhsuithe ú agus ábalta moltaí praiticiúla a fhorbairt chun sin a chur i bhfeidhm.<br>• Díograiseach do fhorbairtí nua agus do chleachtais oibre atá ag athrú agus in ann iarracht a dhéanamh na hathruithe sin a chur i bhfeidhm go héifeachtach.<br>• Ábalta córais agus próisis chuí a chur i bhfeidhm chun caighdeán gach gníomhaíocht agus toradh a sheiceáil.<br>• Dírithe ar sheachadadh seirbhíse custaiméara ardchaighdeáin do chustaiméirí inmheánacha agus seachtracha. |
| Scileanna Idirphearsanta agus Cumarsáide | • Ábalta caidrimh a thógáil le comhghleacaithe agus le páirtithe leasmhara eile chun cabhrú leis an ról a chomhlíonadh.<br>• Bheith mar nasc éifeachtach idir an fhoireann agus an lucht bainistíochta sinsearaí.<br>• Plé oscailte fiúntach a mholadh ar shaincheisteanna oibre.<br>• Bheith diongbháilte, agus ábalta daoine eile a fháil ar bhord i ndiaidh eolas ábhartha agus leasanna féideartha a roinnt leo.<br>• In ann críonnacht, stuaim, dea-bhéasa agus meas a léiriú do dhaoine eile, fiú i gcúinsí dúshlánacha.<br>• In ann eolas a chur i láthair go soiléir, go hachomair agus go muiníneach ó bhéal agus i scríbhinn.<br>• In ann comhoibriú agus tacaíocht a thabhairt do chomhghleacaithe chun cuspóirí eagraíochtúla a bhaint amach. |
| Saineolas agus féinfhorbairt | • Tuiscint shoiléir acu ar a ról, cuspóirí agus spriocanna féin agus don fhoireann , agus an bhaint atá acu le hobair an aonaid / na Roinne / na hEagraíochta agus ábalta sin uile a rá leo go soiléir.<br>• Bheith saineolach agus tuiscint leathan acu ar an Earnáil Phoiblí.<br>• Dírithe ar fhorbairt phearsanta agus ag iarraidh feidhmíocht a fheabhsú i gcónaí. |

| | |
|---|---|
| Díograis agus tiomantas do luachanna seirbhíse poiblí | • In ann feidhmiú ar leibhéal ard, agus in ann neart fuinnimh a chaitheamh chun cuspóirí aontaithe a bhaint amach.<br>• Bheith acmhainneach i gcásanna agus i gcúinsí dúshlánacha.<br>• Bheith iontaofa muiníneach.<br>• Ag cur na gcustaiméirí i gcroílár na seirbhísí go léir a sholáthraítear.<br>• Ardchaighdeáin acu de mhacántacht, eitic agus dílseacht. |

## Leibhéal Inniúlacht do Phríomhoifigeach Cúnta - Príomhtháscairí Feidhmíochta

## Príomhoifigeach Cúnta (PC)

- Ceannaireacht
- Breithiúnas, Anailís agus Cinnteoireacht
- Bainistíocht agus Seachadadh Torthaí
- Scileanna Idirphearsanta agus Cumarsáide
- Saineolas agus féinfhorbairt
- Díograis agus tiomantas do luachanna seirbhíse poiblí

| | |
|---|---|
| Ceannaireacht | • Bheith in ann rannchuidiú gníomhach a thabhairt do fhorbairt straitéisí agus bheartas na Roinne / Eagraíochta.<br>• In ann fócas agus tiomantas a thabhairt le hardleibhéil feidhmíochta a fhorbairt agus a chothabháil, ag déileáil le ceisteanna feidhmíochta de réir mar a thagann siad chun cinn.<br>• Ceannaireacht a thabhairt don fhoireann agus ábalta ranníocaíocht iomlán a uasmhéadú.<br>• Ábalta éifeachtúlacht na dtorthaí a shamhlú níos leithne ná an réimse féin.<br>• Cuspóirí a shainmhíniú go soiléir agus tascanna a dháileadh go héifeachtach, ag spreagadh úinéireachta agus freagracht as na tascanna.<br>• Cumas daoine eile a fhorbairt trí aiseolas, cóitseáil agus cruthú deiseanna chun scileanna a fhorbairt.<br>• Ábalta deiseanna a aithint chun bealaí nua nuálaíochta seirbhíse a chur i bhfeidhm. |
| Breithiúnas, Anailís agus Cinnteoireacht | • Taighde cuimsitheach a dhéanamh ar shaincheisteanna, ag comhairliú go cuí chun gach faisnéis riachtanach a bhailiú faoin ábhar.<br>• Saincheisteanna casta a thuiscint go tapa, ag glacadh agus ag meastóireacht sonraí go cruinn (lena n-áirítear sonraí uimhriúla). |

| | |
|---|---|
| | • Ábalta snáithíní éagsúla faisnéise a chur le chéile, ag aithint naisc agus gaolta eatarthu.<br>• Breithiúnas a úsáid chun cinntí soiléire, tráthúla agus dea-bhunaithe a dhéanamh ar shaincheisteanna tábhachtacha.<br>• Ábalta amharc ar na hiarmhairtí níos leithne, ar chláir oibre agus ar íogaireachtaí laistigh de chinntí agus ar a dtionchar ar raon páirtithe leasmhara.<br>• Seasamh diongbháilte a thabhairt ar shaincheisteanna a bhfuil thábhachtach. |
| Bainistíocht agus Seachadadh Torthaí | • Bheith freagrach as tascanna dúshlánacha agus sin a sheoladh ar aghaidh go tráthúil agus ar chaighdeán ard.<br>• Ábalta an obair a phleanáil agus a chur in ord tosaíochta de réir tábhachta, ama agus srianta acmhainní, agus na tosaíochtaí sin a athrú de réir mar a éilíonn cúrsaí.<br>• Seirbhís chustaiméara ardchaighdeáin agus éifeachtach a chur i gcroílár oibre na roinne.<br>• Ábalta breathnú go criticiúil ar shaincheisteanna chun féachaint conas is féidir feabhas a chur ar an obair.<br>• Bheith oscailte do smaointe nua, tionscnaimh agus réitigh chruthaitheacha ar fhadhbanna.<br>• Ábalta rialuithe agus tomhais feidhmíochta a chur i bhfeidhm chun seirbhísí éifeachtacha agus ar ardluach a sholáthar. |
| Scileanna Idirphearsanta agus Cumarsáide | • Ábalta eolas a chur i láthair ar bhealach muiníneach, loighciúil agus mealltach, ó bhéal agus i scríbhinn.<br>• Ábalta plé oscailte fiúntach a iarraidh ar shaincheisteanna oibre.<br>• Ábalta obair foirne a chur chun cinn taobh istigh den rannóg, ach ábalta obair éifeachtach a dhéanamh ar thionscadail thar Ranna / Earnálacha.<br>• Bheith smachtúil agus iad ag obair chun tionchar a imirt ar dhaoine eile.<br>• Béim láidir a chur ar Sheirbhís do Chustaiméirí ina réimse féin.<br>• Líona láidir a fhorbairt chun cabhrú le fadhbanna a réiteach nó chun faisnéis a roinnt.<br>• Ábalta cumarsáid a dhéanamh go héifeachtach le raon páirtithe leasmhara, lena n-áirítear baill den phobal, comhghleacaithe seirbhíse poiblí agus an córas polaitiúil. |
| Saineolas agus féinfhorbairt | • Tuiscint shoiléir ar a ról, cuspóirí agus spriocanna féin agus na nithe céanna don fhoireann chomh maith leis an bhaint atá acu le hobair an aonaid / na Roinne / Eagraíochta. |

| | |
|---|---|
| | • Eolas fairsing agus domhain ar shaincheisteanna na Roinne agus an Rialtais agus íogair do thosaíochtaí polaitiúla agus eagraíochtúla níos leithne.<br>• Bheith saineolach de réir na bpáirtithe leasmhara ina réimse féin.<br>• Dírithe ar fhorbairt phearsanta, ag lorg aiseolais agus deiseanna fáis chun cabhrú le riachtanais shonracha an róil a chomhlíonadh. |
| Díograis agus tiomantas do luachanna seirbhíse poiblí | • Bheith féinspreagtha agus ábalta fonn leanúnach feidhmíochta ar ardleibhéal a léiriú.<br>• Bheith iontaofa muiníneach<br>• Ábalta an saoránach a chur i gcroílár na seirbhísí go léir a sholáthraítear.<br>• Ábalta ardchaighdeáin d'eitic agus dílseacht a chothú trí chinnteoireacht dea-shampla a léiriú. |

## Leibhéal Inniúlacht do Phríomhoifigeach - Príomhtháscairí Feidhmíochta

## Príomhoifigeach (P)

- Ceannaireacht agus Treo Straitéiseach
- Breithiúnas agus Cinnteoireacht
- Bainistíocht agus Seachadadh Torthaí
- Caidrimh a Thógáil agus Cumarsáid
- Saineolas agus féinfhorbairt
- Díograis agus tiomantas do luachanna seirbhíse poiblí

| | |
|---|---|
| Ceannaireacht agus Treo Straitéiseach | • Ábalta treoir a thabhairt don fhoireann trí ardchaighdeáin a leagadh amach, fadhbanna feidhmíochta a láimhseáil agus ard-fheidhmíocht a éascú.<br>• Ábalta malartú oscailte smaointe a éascú agus atmaisféar cumarsáide dearfa agus oscailte a chothú.<br>• Ábalta cur le forbairt straitéise agus beartais na Roinne / an Rialtais.<br>• Cumas agus acmhainn na foirne a fhorbairt trí dháileadh éifeachtach.<br>• Cultúr foghlama agus forbartha a chruthú trí chóitseáil agus aiseolas dearfach a thairiscint.<br>• Ceannaireacht a léiriú maidir le hullmhú agus cur i bhfeidhm athruithe agus athchóirithe suntasacha.<br>• Ábalta forbairtí laistigh den earnáil agus sa timpeallacht níos leithne a thuiscint agus freagra gasta a thabhairt orthu. |

Coimisiún na Meán

| | |
|---|---|
| | • Comhoibriú a dhéanamh go gníomhach le Ranna, Eagraíochtaí agus Gníomhaireachtaí eile. |
| Breithiúnas agus Cinnteoireacht | • Ábalta príomh-shaincheisteanna a aithint agus faisnéis agus cásanna casta á láimhseáil acu.<br>• Fíricí a bhailiú, faisnéis bhriathartha agus uimhriúil a láimhseáil, agus bheith loighciúil ar shaincheisteanna.<br>• Ábalta na gaolta a dhéanamh idir saincheisteanna agus na himpleachtaí ar leibhéal ard agus sóisialta-polaitiúil lena mbaineann a thuiscint go tapa.<br>• Réitigh chomhtháite ar shaincheisteanna casta a aithint.<br>• Ábalta gníomh a ghlacadh, cinneadh a dhéanamh agus misneach a léiriú chun iad a chur i bhfeidhm.<br>• Cinntí maithe agus eolacha a dhéanamh, ag smaoineamh ar a dtionchair agus na hiarmhairtí a ghabhann leo.<br>• Ábalta iarracht a dhéanamh cothromaíocht éifeachtach a bhaint amach idir saincheisteanna earnálacha, eilimintí polaitiúla, agus an tionchar ar shaoránaigh i ngach cinneadh. |
| Bainistíocht agus Seachadadh Torthaí | • Ábalta freagracht phearsanta a ghlacadh as torthaí / seirbhísí a sheachadadh sa réimse féin.<br>• Ábalta straitéisí agus sonraí oibríochta a láimhseáil chun freastal ar riachtanais ghnó.<br>• Ábalta ilchláracha agus tascanna a bhainistiú, agus acmhainní a athdháileadh chun athruithe fócas a bhainistiú.<br>• Ábalta úsáid optamach a bhaint as acmhainní agus tomhas feidhmíochta a chur i bhfeidhm chun cuspóirí a bhaint amach.<br>• Úsáid éifeachtach TFC agus samhlacha nua seachadta a chinntiú<br>• Athbhreithniú criticiúil a dhéanamh ar thionscadail agus ar ghníomhaíochtaí chun a n-éifeachtúlacht agus a gcomhlíonadh le riachtanais na hEagraíochta a dhearbhú.<br>• An tábhacht a bhaineann le héifeachtúlachtaí, luach ar airgead agus comhlíonadh ceanglais rialachais chorparáidigh a chothú. |
| Caidrimh a Thógáil agus Cumarsáid | • Ábalta labhairt agus scríobh go soiléir, léiritheach.<br>• Ábalta éisteacht go gníomhach, agus ábalta iarracht tuiscint a fháil ar dhearcadh agus seasamh daoine eile.<br>• Coinbhleachtaí / easaontais a bhainistiú agus a réiteach ar bhealach dearfach agus fiúntach.<br>• Obair go héifeachtach laistigh den phróiseas polaitiúil, agus teannas a thagann ó dhearcaí éagsúla páirtithe leasmhara a aithint agus a bhainistiú. |

| | |
|---|---|
| | • Ábalta daoine eile a mhealladh; comhaontú a thógáil, agus comhoibriú a iarraidh chun faisnéis a fháil agus spriocanna a bhaint amach.<br>• Rannpháirtíocht ghníomhach a dhéanamh le comhghleacaithe ag gach leibhéal san eagraíocht agus trasna Ranna / Eagraíochtaí eile, agus leis sin, líonraí láidre gairmiúla a thógáil.<br>• Tuairimí a léiriú nuair is cuí agus nuair a mheastar gur gá é sin a dhéanamh. |
| Saineolas agus féinfhorbairt | • Scileanna agus saineolas a fhorbairt agus a chothú i réimsí éagsúla a bhaineann leis an réimse oibre agus sin bheith aitheanta ag daoine laistigh agus lasmuigh den Roinn / Eagraíocht.<br>• Bheith suas chun dáta ar phríomhbheartais Roinne agus na hearnála, na príomhbheartais náisiúnta agus idirnáisiúnta chomh maith le treochtaí eacnamaíochta, polaitiúla agus sóisialta a théann i bhfeidhm ar an ról.<br>• Dírithe ar fhorbairt phearsanta, agus ag iarraidh aiseolas agus deiseanna fáis i gcónaí. |
| Díograis agus tiomantas do luachanna seirbhíse poiblí | • Iarracht leanúnach a dhéanamh chun feidhmiú ar leibhéal ard.<br>• Tiomantas pearsanta a léiriú don ról, le diongbháilteacht agus buanseasmhacht á gcoimeád, agus cothromaíocht agus peirspictíocht á gcothú i leith saincheisteanna oibre.<br>• Ábalta cuir go dearfach leis an gclár corparáideach.<br>• Bheith iontaofa, macánta agus measúil go pearsanta, agus ábalta gealltanais agus tiomantais a chomhlíonadh.<br>• Ag cur an saoránach i gcroílár gach seirbhís a chuirtear ar fáil.<br>• Bheith acmhainneach, agus ábalta bheith calma fiú i gcúinsí deacra nó dúshlánacha.<br>• Cultúr a chothaíonn na caighdeáin is airde d’eitic agus dílseacht a chur chun cinn. |

Foinse: https://www.publicjobs.ie